Comhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT)

Líonra Gaeilge, Iarthar Bhéal Feirste

Fógra Poist

Tá post mar Chomhordaitheoir Pleanála Teanga á thairiscint ag **Líonra Gaeilge, Iarthar Bhéal Feirste**

Is é **Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste** atá freagrach as an phlean teanga do Líonra Gaeilge i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012 agus Aguisín B (Coimitmintí Rialtas na hÉireann) sa Chomhaontú *Ré Nua, Cur Chuige Nua*. Is plean teanga seacht mbliana atá i gceist a bhfuil sé mar aidhm leis cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge agus leis an líon deiseanna úsáide teanga i Líonra Gaeilge **Iarthar Bhéal Feirste**. Is ar an Chomhordaitheoir Pleanála Teanga a bheidh an phríomhghnéithe an plean a chur i bhfeidhm, thar ceann an Choiste Stiúrtha

Is post **ar chonradh trí bliana** atá á thairiscint agus beidh féidearthacht bhuaine ann ag bráth ar mhaoiniú. Beidh an té a cheapfar freagrach as na bearta sa phlean teanga a chur i bhfeidhm. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag **Glór na Móna, i gcomhar le Coiste Stiúrtha Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste** agus ag obair go dlúth leis an Choiste Stiúrtha maidir le clár oibre aontaithe a chur i bhfeidhm.

Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha;
- Ardscileanna idirphearsanta agus tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge;
- Taithí trí bliana, ar a laghad, ar obair forbartha pobail;
- Taithí shonrach ar bhainistíocht tionscadail in earnáil na Gaeilge;
- Taithí ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt tionscadail aitheanta;
- Céim aitheanta sa Ghaeilge, nó a chomhionann de chéim ag leibhéal ollscoile;
- Ard-scileanna pleanála maidir le tionscadail a ullmhú, agus a fhorbairt, agus maidir le hathbhreithniú agus an tuairisciú / measúnú cuí a dhéanamh ina leith;
- Taithí shonrach ar thuairiscí ag ard-chaighdeán a ullmhú, ar thaighde a chur i gcrích / a chur in eagar, agus air sin a chur i láthair ar bhealach atá furasta le fáil agus tuiscint ag an phobal mór;
- Taithí shonrach ar bhainistíocht airgeadais agus buiséid, agus ar fhreagracht a ghlacadh as tuairiscithe airgeadais a ullmhú;
- Ard-scileanna cumarsáide, margaíochta agus poiblíochta, i gcomhthéacs na meán shóisialta agus na meán thráidisiúnta araon;
- Taithí ar iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur i gcrích.

Critéir inmhianaithe

- Iarchéim nó máistreacht aitheanta sa phleanáil teanga, nó a chomhionann d'ábhar mar a bhaineann le forbairt pobail nó teanga;
- Taithí ar bhainistíocht foirne;
- Taithí ar thaighde ardchaighdeáin a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
- Ard-scileanna ríomhaireachtaí, lena n-áirítear dearadh, graificí agus eagarthóireacht físe agus fuaime;
- Cáilíocht i réimse na bainistíochta, ceannaireacht nó gobharnóireacht
- Taithí ar abhcóideachta agus stocaireacht ó thaobh cúrsaí teanga, acmhainní agus ceartais de.
- Saineolas ar aon cheann de na cleachtais shochtheangeolaíochta mar a bhaineann le forbairt polasaithe agus gníomhartha sna réimsí aitheanta seo a leanas: óige, teaghlaigh, oideachas, na healaíona, meáin chumarsáide, gnó, na luathbhlianta agus spórt

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe i nGael-Ionad Mhic Goill Luan go hAoine. Is féidir go ndéanfaí socruithe breise cian-oibre (obair ón bhaile) de réir srianta sláinte. Beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre i measc na gcúraimí oibre ó am go céile. Beidh taisteal i gceist leis an phost, **mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.** Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh an Comhordaitheoir Pleanála Teanga freastal leanúnach agus rialta ar chruinnithe de chuid an Chomhchoiste Náisiúnta Líonraí Gaeilge, agus ar chruinnithe pleanála teanga eile de réir mar is cuí.

Tá scála tuarastail ag leibhéal SO1 (2021) ó thuaidh (Oifigeach Foirne, 193), **£32,328 - £33,459** ag gabháil leis an phost seo.

Iarrtar ar dhaoine ar spéis leo cur isteach ar an phost seo, **pacáiste iarratais a iarraidh** ó Choiste Stiúrtha Líonra Gaeilge Bhéal Feirste, trí rphost a chur chuig Feargal Mac Ionnrachtaigh, ag feargal@glornamona.com.

Glacfar le hiarratais suas go dtí an **Aoine, 22 Deireadh Fómhair 2021 ag 5.00pm**.

Beidh agallaimh ann don phost ar an **Luan, 8 Samhain, i mBéal Feirste**.

Tá an plean teanga don Líonra Gaeilge **Iarthar Bhéal Feirste** le fáil mar chuid den phacáiste iarratais.

Tá an plean agus an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Is fostóirí comhdheiseanna iad Glór na Móna agus Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste.

Gaeilge le Chéile
#GaeilgeLC

Le tacaíocht ó
Foras na Gaeilge